Údarás na Gaeltachta

Séamus Daltún

Eagróidh *Séamus Daltún*, thar ceann Údarás na Gaeltachta, comórtas le duine a mholadh le ceapadh sa phost:

# Anailísí Polasaí Teanga

**Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta do Anailísí Polasaí Teanga ar bhunús conradh trí bliana. Faoi stiúir an Phríomhfheidhmeannaigh, táimid ag lorg Anailísí Polasaí Teanga cumasach agus tiomanta chun tacú le Údarás na Gaeltachta in gcuid freagrachtaí sa bpróiseas pleanála teanga. Beidh an ról seo ag tabhairt faoi anailís agus thaighde ar thionchar an phróisis pleanála teanga.**

**Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:**

- Cáilíocht ábhartha 3ú Leibhéal (ar a laghad ag Leibhéal 8 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí)
- Taithí gairmiúil ábhartha trí bliana ar laghad
- Cumas léirithe chun tionscadail anailíseacha d'ardchaighdeán a fhorbairt agus a sheachadadh chun bonn eolais agus tionchar a imirt ar fhorbairt beartas trí fhianaise.
- Scileanna láidre uimhearthachta, lena n-áirítear taithí ar shamhaltú teicniúil/eacnamaíoch, agus cumas chun teacht ar réiteach cruthaitheach agus inoibrithe ar fhadhbanna anailíseacha.
- Tuiscint ghrinn ar staid shochtheangeolaíoch na Gaeltachta agus ar staid na Gaeilge ar bhonn náisiúnta.
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.

Is post ar chonradh é seo. Tá scála tuarastail ag grád Príomhoifigeach Cúnta idir €80,668 - €100,530. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Sa chás go dtiocfadh folúntais chun cinn san Eagraíocht le linn shaolré an Oird Fiúntais, forchoimeádann Údarás na Gaeltachta an cead poist den chineáil luaite sa bhfógra seo a thairiscint ar bhonn thorthaí an chomórtais seo. Mairfidh an painéal seo dhá bhliain

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig seamus@daltun.ie

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. ar an Aoine, 28 Márta 2025.**

*Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.*